

Polasaí Iontrála Coláiste Chroí Mhuire

Seoladh na Scoile: An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Uimhir rolla: 63130R

Pátrúin na Scoile: Ceist
Dréacht Aibreán 2020
(leasaithe i mí an Mheithimh 2020)



1. Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an [dáta]. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála [ainm na scoile] leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phrósais iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfead cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

2. Spiorad saineúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Étos Choláiste Chroí Mhuire

Is scoil mheasctha Chaitliceach dheonach lan Ghaeilge Ghaeltachta í Colaiste Chroí Mhuire.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, tá dualgas ar Bhord Bainistíochta Cholaiste Chroí Mhuire féachaint chuige go ndéanfaimid freastal ar étos na scoile i dtaobh cúrsaí cultúir, oideachais, mórálachta, creidimh, teanga, sóisialta, agus luachanna agus tradisiúin étos, agus go bhfuil dualgas ar an mBord a bheith freagrach as é seo a chur i bhfeidhm don phatrún Ceist.

Is éard is brí le hÉtos Caitliceach I gcomhthéacs scoil dheonach Chaitliceach ná étos na hEaglaise Caitlicigh a bhfuil se mar sprioc aici na rudaí a leanas a chur chun cinn:

- (a) Forbairt iomlán ar ghach ghné den duine, ina measc forbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhorálta agus spioradalta.
- (b) Caideamh beo le Dia agus le daoine eile.
- (c) Fealsúnacht a fhaigheann ionspioráid ó chreideamh i nDia agus i mbeatha, i mbás agus in aiséirí Chríost.
- (d) Forbairt daltaí sa chreideamh Chaitliceach, de réir teagaisc, nósanna agus traidisiúin na hEaglaise Chaitlicigh.

Is oideachas fad-saoil é oideachas Caitliceach, oideachas a chothaíonn fás agus forbairt daonna. Tá Críost lárnach san oideachas seo..

Tarraingíonn Colaiste Chroí Mhuire ó thobar saibhir creidimh agus cultúrtha na staire le saolta ár gcuid daltaí a shaibhriú Fanann muid dílis do na luachanna a chuir Cairtriona Nic Amlaoibh agus na Siúracha Trócaire chun cinn.

Mar scoil de chuid Ceist cuireann muid ardluach ar an teagasc, creideann muid go bhfuil an teagasc ar cheann de na gníomhaíochtaí daonna is tabhachtaí dá bhfuil ann. Tá sé mar sprioc againn pobal foghlamtha d'ardchaigdeán a thógáil, pobal a fháiltíonn roimh luachanna shoiscéil Íosa Chríost. Tá ár gcuid bunluachanna le n-aithneachtáil sa Chairt atá ag Ceist, Chairt a léiríonn na cór-luachanna :

- **Forbairt Spioradálta agus Dhaonn a chur chun cinn.**
- **Ardchaigheán Teagaisc agus Foghlamtha a bhaint amach.**
- **Meas ar gach duine a léiriú.**
- **Pobal a fhorbairt.**
- **A bheith Cóir agus Freagrach.**

Dá bhrí sin, baineann an t-oideachas a chuirtear ar fáil i gColáiste chroí Mhuir leis an duine ina iomlán, ag plé le forbairt intleachtúil, mhorálta, reiligiúnach, fhisiciúil agus shíceolaíoch.

Tá sé mar aidhm ag oideachas an duine a fhorbairt sa chaoi is go mbeidh sé soar, aibí agus réasúnach i gcaidrimh. Tá sé mar aidhm ag Coláiste Chroí Mhuire deiseanna oideachais ar

ardchaighdeán a chur ar fáil, deiseanna a chabhróidh lenár gcuid scoláirí a gcuid saolta a mhaireachtáil ar bhealaí cruthaitheach agus freagrach, le go gcaithfidh said le daoine eile agus leis an timpeallacht ar bhealaí atá cruthaitheach agus cóir fosta.

Aithníonn agus deimhníonn Coláiste Chroí Mhuire sainiúlacht agus dinít gach duine daonna mar ghasúr Dé. Tá an scoil Chaitliceach ina phobal uile-chuimsitheach, pobal atá tógtha ar an ngrá, pobal atá forbartha tré idirchumarsáid agus comhoibriú idir na rannphairtíthe ar fad, idir scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, foireann tacaíochta agus baill an Bhoird Bainistíochta. Tá súil ag an scoil Chaitliceach ar an todchaí. Tá said fréamhaithe ina gcuid paróistí, ina gcuid deoisí aitiúila agus in eagraíochtaí eile a shaibhríonn saol na scoile. Cabhraíonn an pobal áitiúil leis an scoil agus cuireann an scoil le saol an phobail áitiúil.

Mar scoil Chaitliceach tá oideachas Reiligiúnach Iarnach sa churaclaim. Déantar ceiliúradh ar ilchinealach shaibhir an phobail scoile agus ar shaol spioradalta gach duine. Cuirtear leo trí mhacnamh, paidreoireacht, an Eocairist agus Sacraimintí eile, liotúirge agus deasghnatha. Cuirtear le forbairt spiordálta an scoláire trí spóirt, theanga, an dúlra, ealaín, an fhilíocht agus cheol.

Oideachas Iomlán

Is í aidhm na scoile ná forbairt iomlán an dalta gona uile bhuanna.

Aithníonn an scoil buanna faoi leith atá ag chuile dhalta. Déantar forbairt ar na buanna seo go léir, go spioradálta, moralta, intleachtúil, fisiciúil, cultúrtha agus sóisialta.

Teanga agus Cultúr.

Scoil Ian-Ghaeilge atá anseo i gceantar agus in abhantracht Ghaeltachta.

Is í ár ndualgas oidhreacht, dúchas agus teanga an cheantair a fhorbairt agus a chaomhnú. Is í an Ghaeilge teanga na scoile, sa seomra ranga, sa chlós agus in imeachtaí uile na scoile. Leagtar béim laidir ar labhairt agus ar chothú na Gaeilge agus ar chothú an chultúir a bhaineann leis an gceantar.

Cúram Daonna.

Cothaítear atmasféar cóir, cúntach do dhaltaí agus don fhoireann araon. Déantar cúram speisialta dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste.

Caidreamh Le Tuismitheoirí.

Is í aidhm na scoile comhoibriú leis na tuismitheoirí le forbairt iomlán na ndaltaí a thabhairt chun críche.

3. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Coláiste Chroí Mhuire idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
- (i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais sibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

Scoileanna Iarbhunoideachais Sainchreidmheacha

Is scoil í Coláiste Chroí Mhuire arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás ina dtugann sí cead isteach do dhalta Caitliceacha seachas do dhaltaí eile.

Gach scoil shainchreidmheach

Is scoil í Coláiste Chroí Mhuire arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

4. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

- a) Níl aon rang riachtannais oideachais speisialta ná aon aonad speisialta ag an scoil.
- b) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach [alt 6](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
- c) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

5. Ró-iarratas

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

Cuir na critéir roghnúcháin isteach anseo

Clárú na Chéadbhliana

1. Tá foirm iarratais agus pacáiste eolas na scoile le fail ón oifig
2. Beidh sé ar fáil ón scoil sa tríú sheachtain de mhí Meán Fómhair ar aghaidh gach bliain.
3. Cuirtear fógra sna nuachtáin áitiúla i dtaobh lá oscailte / clárú don chéad bhliain.
4. Glacfar le foirmeacha iarratais ón gcéad lá de mhí Dheireadh Fómhair na bliana roimh thosach do na scoláirí sa scoil
5. Is é 30 Samhain an spriocdháta a bhéas le foirmeacha a chur isteach chuig an scoil.
6. Cuirfear iarrthóirí ar an eolas lastigh de thrí sheachtain ó dheireadh mhí na Samhna.
7. Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo clarú / polasaithe na scoile a phlé roimh chlarú.
8. Tar éis don fhoirm iarratais bheith faigthe cuirtear ar an eolas tuismitheoirí i dtaobh stadas na hlarrachta sé sin foirm le lionadh doibh siúd a bhfuil muid ag glacadh leo, litir ag cur in iúl do thuismitheoir/caomhnóir go bhfuil an dalta ar an liosta feithimh don scoil. Tarlóidh se seo taobh istigh de 21 lá den fhoirm bheith faigthe ag an scoil.
9. Má tharlaíonn sé nach mbeidh an scoil in ann glacadh le gach duine a dhéanann iarratas de bharr easpa áiteanna sa scoil beidh na critéir seo a leanas in úsáid
 1. Deirfiúracha / deartháireacha scoláirí atá sa scoil
 2. Daltaí ó na scoileanna Náisiúnta áitiúla, sin iad Scoil Éinne, Scoil Sailearna, Scoil Naisiúnta Choilmcille, An Tulach, SN na bhForbacha, Scoil Bhaile Nua, Scoil Mhuire Magh Cuilinn.
 3. Mic / Iníonacha de bhaill den fhoireann.
 4. Daltaí atá ina gcónaí sa gceantar a d'aistrigh isteach le déanaí

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

Sa chéad áit dhéanfaidh an scoil chuile iarracht freastal ar ghasúir ar mhaith leo freastal ar an scoil, cuirfí liosta feithimh le chéile bunaithe ar chrannchur i ngach aon chatagóir agus dhéanfaí an tarraingt ainmneacha os comhair Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, an Phríomhoide agus bal de Choiste na dTuismitheoirí. Tiocfaidh deireadh le haon liosta feithimh ag deireadh na scoilbhliana.

6. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

Ní mór do scoileanna pointí (a) go (g) a chuimsiú anseo. Tá eisceachtaí teoranta ann ó chúis díobh seo a bhfuil aibhsiú dearg orthu agus ní mór do scoileanna na heisceachtaí a bhaineann leo a choinneáil agus iad sin nach mbaineann a scriosadh:

- (a) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
- (b) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta;
(seachas i ndáil le:
- ligean isteach i scoil Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht
- (c) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;
- (d) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
- (e) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin;
(seachas, (1) deartháireacha nó deirfiúracha dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil.
- (f) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála,

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

7. Cinntí ar iarratais

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Coláiste Chroí Mhuire bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

(Féach [alt 14](#) thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus [alt 15](#) thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfeadh critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

8. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfeadh na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéir roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfeadh iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach [alt 18](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

9. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Choláiste Chroí Mhuire, ní mór duit an méid a leanas a léiriú—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

10. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar

Ní féidir le Coláiste Chroí Mhuire tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna a leanas —

- (i) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
- (ii) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
- (iii) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
- (iv) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in [alt 10](#) thuas.

11. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

12. Liosta feithimh i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Coláiste Chroí Mhuire mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Coláiste Chroí Mhuire san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta. Tiocfaidh deireadh le gach liosta feithimh ag deireadh na scoilbhliana seo.

13. Iarratais Dhéanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin. D'fheadfaí go mbeadh iarratais dhéanacha curtha ar liosta feithimh.

14. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Cuirfear na rudaí seo a leanas san áireamh sula nglacfar le hiarratas.

1. Misiún Ráiteas na scoile
2. Caighdeán Ghaeilge an dalta, bheadh caighdeán airithe ag teastáil le cinntiú go mbeadh an dalta in ann leas a bhaint as an teagasc agus foghlaim a chuirtear ar fáil sa scoil. Déantar gach rang a theagasc (seachas na teangacha iasachta) tré mheán na Gaeilge.
3. Ní mór spás a bheith sa scoil
4. Ní mor dul i dteagmháil leis an oifigeach Oideachais Leasa más cuí

15. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Baineann an rialail seo le gach scoil.

Ní ghearrfaidh bord Coláiste Chroí Mhuire ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

- (a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
- (b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

16. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Ní mór do scoileanna a chuireann teagasc reiligiúnach ar fáil do dhaltaí an chuid seo a chomhlánú.

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí, nó i gcás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag an dalta, a d'iarr go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe sin.

Mar thuismitheoir scoláire nó mar scoláire a bhfuil aois ocht mbliain déag bainte amach acu ar mhaith leo freastal ar Cholaiste Chroí Mhuire ach nach mian leo a bheith rannphairteach i ranganna Teagasc Reiligiúin, ní mór iarratas i scríbhinn a sheoladh chuig an bPríomhoide. Eagrófar cruinniú leis an tuismitheoir nó leis an scoláire atá ocht mbliain déag d'aois agus pléfar conas is féidir freastal ar an iarratas sin.

17. An ceart chun athbreithnithe/achomhairc

Athbreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an mbord athbreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta

athbheithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Ceart achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbheithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbheithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbheithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbheithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.